An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

Leabhrán Acmhainní

# Amharc-ealaín

*Cnuasghrúpa Eanáir - Márta*

**2018**

Ionad Oideachais Mhuineachán

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

# Clár Ábhar


| lch: | Clár Ábhar: | lch: | Clár Ábhar: |
|---|---|---|---|
| 2. | Clár agus Cuspóirí Foghlama | 14. | Tuiscint ar Phróisis na hAmharc-Ealaíne |
| 3. | Aidhm Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí | 15. | Bloc Amharc-Ealaíne |
| 4. | Ráitis Foghlama a bhaineann le hAmharc-Ealaín | 16. | Amlíne na h Amharc-Ealaíne 2017-2020 |
| 5. | Struchtúr | 17. | Fáisnéis Measúnú Rangbhunaithe 1 |
| 6. | Na cúig Ghnéithe | 18. | Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 1 |
| 7, | Gníomhaíocht: 5 Gnéithe | 19. | Gníomhaíocht: Póstaer Phróisis |
| 8. | Torthaí Foghlama: Ealaín | 20-21. | Tuairisceoir agus Na Gnéithe Cáilíochta |
| 9. | Torthaí Foghlama: Ceardaíocht | 22. | Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair |
| 10. | Torthaí Foghlama: Dearadh | 23. | Gníomhaíocht: Timpléad Pleanála Gníomhaíochta |
| 11. | Gníomhaíocht:  Fócas ar Fhoghlaim | 24. | Measúnú Foirmitheach |
| 12. | Gníomhaíocht: An Turas Foghlama | 25-30 | Gluais Téarmaí/Téarmaíocht Nua |
| 13. | Nótaí Próiséis na hAmharc-Ealaíon | 31. | Nótaí |


# Cuspóirí Foghlama an Lae Inniu

1. Dul i dtaithí ar an téarmaíocht nua
2. Aidhm Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí Snáitheanna agus Gnéithe a mheas
3. Próisis na hAmharc-Ealaíon a phlé
4. Ár dtuiscint ar Thorthaí Foghlama agus Cleachtais mheasúnaithe a Fhorbairt san rang ealaíne
5. Plé a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1.




# Aidhm Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí

Tá sé mar aidhm ag Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí sraith meon agus cáilíochtaí pearsanta a thabhairt don scoláire mar aon le sraith scileanna agus próiseas agus ciall don aeistéitic.

Trí rannpháirtíocht phraiticiúil san ealaín, sa cheardaíocht agus sa dearadh, forbróidh an scoláire féinmhuinín, fiosracht, samhlaíocht agus cruthaitheacht. Forbróidh sé chomh maith cumais bharántúla an tsaoil seo i réiteach fadhbanna agus an cumas le hoibriú, thar am, mar dhuine aonair agus i ngrúpaí, ar dhearadh agus ar chur i gcrích tascanna ealaíonta agus aeistéitiúla.

Sa spás sábháilte sa rang ealaíne, gheobhaidh an scoláire taithí ar na próisis bharántúla a bhaineann le hamharc-ealaín a shamhlú, a iniúchadh, a thriail, a dhéanamh, a thaispeáint agus a mheas. Foghlaimeoidh sé le teip agus foghlaimeoidh sé gur taithí foghlama an-dearfach a bhíonn sa teip go minic. Forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun saothar ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh barántúil a tháirgeadh agus chun dul i ngleic leis. Trína dhéanamh sin, tosóidh sé ag forbairt na léirthuisceana amhairc, na scileanna criticiúla agus na teanga atá riachtanach le dul i ngleic leis an gcultúr comhaimseartha. Cuirfidh sé sin le tuiscint an scoláire ar róil shaibhre agus éagsúla na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh i sochaithe agus i gcultúir stairiúla agus chomhaimseartha araon.




# Ráitis Foghlama a bhaineann le hAmharc-Ealaín


| Ráitis Foghlama | |
|---|---|
| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
| RF 3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil[1]. | Taispeánfaidh an scoláire a chuid eolais agus a thuiscint ar an gcultúr amhairc chun a ról i bhforbairt a shaothair ealaíne, ceardaíochta nó dearaidh féin nó saothar daoine eile a chruthú agus critíc a dhéanamh air. |
| RF 4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist. | Cruthóidh an scoláire píosaí críochnaithe ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh a ghabhfaidh agus a chuirfidh i láthair na próisis agus na cinntí a rinne sé trí leabhair sceitseála, trí dhialanna amhairc nó trí phunanna. |
| RF 8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Taispeánfaidh an scoláire trína smaointe cruthaitheacha agus trína shaothar cruthaitheach féin, gur féidir a amharc-ealaín a úsáid chun riachtanais, dóchas agus idéil a phobail níos leithne nó na sochaí ina hiomláine a léiriú. |
| RF 20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha. | Déanfaidh an scoláire cinneadh faoin úsáid a bhainfidh sé as na teicneolaíochtaí traidisiúnta nó nua-aimseartha nó as na meáin nua ina shaothar, bunaithe ar a thaithí foghlama, agus beidh sé in ann an úsáid sin a chosaint. |
| RF 21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla. | Taispeánfaidh an scoláire gabháil agus forbairt a shraith scileanna ealaíonta pearsanta féin trína chuid líníochtaí, próisis agus saothair chríochnaithe ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh. |
| RF 23. Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Taispeánfaidh an scoláire gur féidir leis próisis agus modheolaíochtaí difriúla a thuiscint agus a chur i bhfeidhm agus saothair ealaíne, píosaí ceardaíochta agus réitigh dearaidh chríochnaithe á gcruthú. |

*1 Áirítear leis an sainmhíniú ar théacsanna gach táirge amharc-ealaíne mar aon le teanga ó bhéal, téacsanna scríofa, ceol, tadhlach, leictreonach agus digiteach.*

## Na Snáitheanna




## Na Cúig Gnéithe




| Amharc-Ealaín | | |
|---|---|---|
| Is é is **ealaín**, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc cosúil le péinteáil nó dealbhóireacht. Leagtar béim ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar cháilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Seachas saothair ealaíne a chruthú, ina theannta sin, cuimsíonn mínealaín critic agus staidéar na healaíne. | Is é is **ceardaíocht** ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil agus/nó feidhme leo a tháirgeadh. Le béim ar úsáid shábháilte agus cheart uirlisí agus ábhar, d'fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú. | Is féidir cur síos a dhéanamh ar **dhearadh** mar chruthú díreach réada nó táirgeadh líníochtaí chun a chuma agus a oibríochtaí a thaispeáint sula ndéantar é. Úsáidtear íomhánna agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl le béim ar phleanáil, réiteach fadhbanna agus cur i gcrích, agus an líníocht mar bhealach chun smaoinimh. |

# Na Cúig Gnéithe

| | |
|---|---|
| Teanga chriticiúil agus amhairc | Úsáideann scoláirí **Teanga chriticiúil agus amhairc** chun saothar ealaíonta a phlé, a thuiscint agus a mheas, ceann dá gcuid féin nó ceann duine eile. Ligeann sí do scoláirí íomháineachas a fhiosrú níos fearr agus ar bhealach níos meabhraithí. Is féidir le scoláirí teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a gcuid smaointe a chur in iúl dá múinteoir, do scoláirí eile nó don phobal trí chéile. Agus cumas mar sin a bheith ag scoláire is inniúla agus is muiníní a bheidh siad chun freagairt do, agus chun plé faoi, chultúr amhairc an domhain chomhaimseartha nó stairiúla agus na dtimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha. |
| Líníocht | Is í an **Líníocht** an teanga bhunúsach atá i gcroílár na n-imeachtaí uile a dhéanann scoláirí sna trí snáitheanna: ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is den riachtanas é le haghaidh fiosrúcháin, léiriúcháin, doiciméadúcháin agus faisnéis amhairc a chur in iúl. Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh scoláirí blaiseadh ar bhrí a bhaint as breathnóireacht, lena n-áirítear foinsí príomha agus líníocht bheo agus líníocht thrialach agus shamhlaíoch, chomh maith le smaointe a fhorbairt trí 2-T, 3-T nó modhanna digiteacha. Is foirm ealaíne aisti féin í an líníocht freisin. Ní mór do scoláirí a gcuid scileanna líníochta a thriail agus a fhorbairt thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. |
| Cultúr agus tríd an léirthuiscint amhairc | Aithnítear tríd an **gCultúr agus tríd an léirthuiscint amhairc** go bhfuil an domhan nua-aimseartha éirithe ina áit níos físiúla ina bhfaightear réimse leathan spreagthaí amhairc amhail ailtireacht agus dearadh uirbeach nó fógraíocht, meáin nua, an t-idirlíon, mínealaín, ceardaíocht, dearadh, grianghrafadóireacht, faisean agus tuilleadh nach iad. Léitear ciúnna agus íomhánna nach mbíonn téacs-bhunaithe ar luas i bhfad níos gasta ná teachtaireachtaí atá téacs-bhunaithe. Uaireanta, agus iad báite le híomhánna, caithfidh scoláirí na teachtaireachtaí amhairc seo a thuiscint agus a dhíchódú, chomh maith le cultúr amhairc sochaithe eile freisin. Is gá an t-eolas agus an tuiscint sin a chur in iúl ag úsáid teanga a aithníonn na scoláirí ach freisin gan neamhaird a dhéanamh den teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le trí snáitheanna na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh. |
| Gnéithe na healaíne agus prionsabail an deartha (GEPD) | Is iad **Gnéithe na healaíne agus prionsabail an deartha (GEPD**) na bloic thógála i saothar ealaíne ar bith a chruthóidh scoláire. Is féidir anailís a dhéanamh ar a bhfeidhmiú in oibreacha 2-T, 3-T nó digiteacha trína n-úsáid a mheas i bpáirt nó ar bhonn aonair. Áirítear i measc na ngnéithe ealaíne an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún. Áirítear ar na prionsabail deartha cothromaíocht, teannas, siméadracht, teacht le chéile, solas, spás, scála agus contrárthacht. |
| Meán | Is gné thábhachtach í rogha agus úsáid na **Meán** a thrasghearrann na trí snáitheanna: ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is iad na meáin an modh atá ann chun idirghníomhú, cruthú, ceangal agus dul i dteagmháil le daoine eile. San obair, a roghnaíonn scoláirí a dhéanamh, is féidir leo uirlisí agus modhanna traidisiúnta a úsáid nó modhanna nua, comhaimseartha nó digiteacha. Clúdaíonn na meáin freisin eolas ar na teicnící nó ar na próisis freisin. |

Teanga Chriticiúil agus Amhirc

Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha

Líníocht

Meáin

Cultúr agus Litearthacht Amhairc



# Torthaí Foghlama Amharc-Ealaíne

## Snáithe 1 Ealaín

Is é is **ealaín**, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Leagtar béim inti ar smaointe, mothúcháin agus cáilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Seachas saothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn mínealaín chomh maith staidéar na healaíne trí léirthuiscint agus trí phlé criticiúil.

| Gnéithe | Torthaí Foghlama<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | 1.1 | anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, ag úsáid focalstór agus eolas cuí |
| | 1.2 | freagairt do shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc |
| | 1.3 | critíc a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc |
| **Líníocht** | 1.4 | a thaispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an cruth daonna agus an domhan ina dtimpeall a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú |
| | 1.5 | an domhan a léirmhíniú agus a chuid smaointe a chur in iúl trí mhodh amhairc |
| | 1.6 | líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | 1.7 | modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú |
| | 1.8 | samplaí den amharc-ealaín stairiúil agus chomhaimseartha a phlé |
| | 1.9 | díospóireacht a dhéanamh maidir leis an luach a chuireann sé féin agus an tsochaí ar shaothar ealaíne |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GEPD)** | 1.10 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i saothar ealaíne a shainaithint |
| | 1.11 | úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabal deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas |
| | 1.12 | a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh |
| **Meáin** | 1.13 | meáin a úsáidtear chun saothar ealaíne a chruthú, a shainaithint |
| | 1.14 | meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú |
| | 1.15 | critíc a dhéanamh ar an rogha meán a bhíonn ina gcuid saothar féin nó i saothar ealaíontóirí eile |

# Snáithe 2 Ceardaíocht

Is é is **ceardaíocht** ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil leo a tháirgeadh. Agus béim á leagan ar phróisis agus ar ábhair, d'fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú.

| **Gnéithe** | Torthaí Foghlama<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | 2.1 | teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le cineál ceardaíochta amháin nó níos mó a shainaithint agus a úsáid |
| | 2.2 | smaointe a dhiancheistiú agus a chur in iúl faoi cheardaíocht dhifriúil le teanga chriticiúil agus amhairc |
| | 2.3 | machnamh a dhéanamh ar a gcuid obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc |
| **Líníocht** | 2.4 | a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú |
| | 2.5 | a smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht |
| | 2.6 | iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta trí líníocht agus déanamh mairc a úsáid ar dhóigh theicniúil agus chruthaitheach |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | 2.7 | na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceirdeanna difriúla a shainaithint |
| | 2.8 | scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna gcultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú |
| | 2.9 | measúnú a dhéanamh ar thagairtí an chultúir amhairc a chuimsítear i saotha(i)r c(h)eardaíochta |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GNPD)** | 2.10 | cur síos a dhéanamh ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceirdeanna difriúla |
| | 2.11 | taighde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile |
| | 2.12 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha ina gcuid obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint |
| **Meáin** | 2.13 | ról na meán i bhforbairt obair cheardaíochta a shainaithint |
| | 2.14 | meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú |
| | 2.15 | rogha na meán ina gcuid obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint |

# Snáithe 3 Dearadh

Is é an **dearadh** an próiseas pleanála, réiteach fadhbanna agus cruthaithe. Is freagra é in amanna ar threoir, riachtanas nó cás ar leith. Úsáidtear íomháineachas agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl, agus an líníocht mar mhodh smaointeoireachta, le béim ar phleanáil, réiteach fadhbanna agus cur i gcrích.

| **Gnéithe** | Torthaí Foghlama<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | 3.1 | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid le cur síos a dhéanamh ar shaothar ilchineálach |
| | 3.2 | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a chuid dearaí féin agus dearaí daoine eile a mhíniú |
| | 3.3 | teanga chriticiúil agus amhairc chuí a úsáid le freagairt do shaothair dearaidh agus critíc a dhéanamh orthu |
| **Líníocht** | 3.4 | coimre dhearaidh a léirmhíniú agus é sin a léiriú trína chuid líníochtaí |
| | 3.5 | trialacha a dhéanamh le smaointe dearaidh trí thaighde agus trí líníocht anailíseach |
| | 3.6 | saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a chuid líníochtaí |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | 3.7 | cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha |
| | 3.8 | cleachtais dearadh stairiúil agus comhaimseartha a phlé |
| | 3.9 | na coincheapa dearaidh a rinne dearthóirí stairiúla agus comhaimseartha a chosaint |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GEPD)** | 3.10 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i samplaí de shaothar dearaidh a mhíniú |
| | 3.11 | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid |
| | 3.12 | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a mheasúnú trína chuid eolais ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail deartha a úsáid |
| **Media** | 3.13 | cur síos a dhéanamh ar úsáid na meán i samplaí de shaothar dearaidh |
| | 3.14 | meáin a úsáid ina chuid obair dearaidh féin bunaithe ar choimre dhearaidh |
| | 3.15 | coincheapa dearaidh agus úsáid na meán ina chuid saothar féin nó in obair daoine eile a chosaint |

# Fócas ar Fhoghlaim

Úsáid an spás seo chun dhá thoradh foghlama a shainaithint?


Úsáid an spás seo chun an méid a bhí ar intinn ag an múinteoir a bheith ar eolas ag an scoláire a chur in iúl?

Nótaí maidir le Critéir Ratha

# Measúnú Foirmitheach

Is ionann measúnú foirmitheach agus measúnú a dhéantar le linn an phróisis oideachais chun an teagasc nó an fhoghlaim a fheabhsú .... Is é an rud a dhéanann foirmitheach an measúnú foirmitheach go n-úsáidtear láithreach é chun coigeartuithe a dhéanamh chun foghlaim nua a chruthú

*(Shepard, 2008, p. 281)*



ag deireadh an bhearna foghlama

Torthaí Foghlama → Eolas, Scileanna, Luachanna

Intinní Foghlama


Critéir Ratha

Aiseolas Éifeachtach

ó dhuine go duine


Machnamh an scoláire

Ceistiúchán agus plé



# Nótaí Próiséis na hAmharc- Ealaíon

Céard a d-aithin an t-ealaíontóir a bheith tábhachtach ón chéad cheapadh go réadú?



# Próisis Amharc-Ealaíne a Thuiscint

Is cuid bhunúsach d'aidhmeanna na sonraíochta Amharc-Ealaíne go bhfaighidh an scoláire 'taithí ar na próisis bharántúla a bhaineann le hamharc-ealaín a shamhlú, a iniúchadh, a thriail, a dhéanamh, a thaispeáint agus a mheasúnú.'

Seo a leanas ceithre ghné thábhachtacha a bhaineann le baint amach an mhéid sin, gnéithe atá fite fuaite ina chéile – plé le bunfhoinsí, forbairt smaointe, forbairt scileanna agus úsáid as an mbloc sceitseála Amharc-Ealaíne. Tosaíonn an próiseas cruthaitheach seo tar éis do dhalta freagairt do spreagthach.

**Bunfhoinsí**

Foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá i mbunfhoinsí, a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach scagtar trí léirmhíniú duine eile orthu.

Tá ról lárnach ag bunfhoinsí agus obair ealaíne á cruthú ag an scoláire agus tá sé riachtanach go mbainfí úsáid astu chun ealaín chruthaitheach a tháirgeadh. Tugann bunfhoinsí deiseanna don scoláire a bheith ag plé leis an domhan mórthimpeall air. Cuidíonn sé sin leis úinéireacht a ghlacadh ar a shaothar agus a shaothar a dhéanamh níos pearsanta. Ba cheart don scoláire bunfhoinsí a roghnú a oireann don téama a phiocann sé, ar mhaithe lena shaothar a fhorbairt.

**Forbairt Smaointe**

Luaitear i Ráiteas Foghlama 23 sa Chreat don tSraith Shóisearach, 'tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú' – is cuid dhílis den chruthaitheacht i ndisciplín ar bith é an méid sin. Caithfidh an múinteoir díriú ar straitéisí trína gcuirfear ar chumas an scoláire smaointe a fhorbairt go rathúil. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire smaoineamh a fhorbairt de réir téama, trí ghnéithe stairiúla agus/nó comhaimseartha, trí ghnéithe fealsúnachta agus trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna lena mbaineann i meáin éagsúla.

**Forbairt Scileanna**

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire a chuid smaointe a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh sé na scileanna cuí a fhoghlaim le go mbeidh sé ábalta a chuid smaointe a bheachtú agus a chur in iúl. Agus na scileanna sin á bhfoghlaim aige, gheobhaidh an scoláire tuiscint ar chumas agus ar theorainneacha na meán agus na dteicnící a mbaineann sé leas astu.

**Bloc Sceitseála Amharc-Ealaíne**

Bailiúchán de smaointe, de phróisis agus d'obair, i bhfoirm fhisiciúil nó dhigiteach, nó meascán díobh, atá sa bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne. Taifead pearsanta an scoláire ar an turas cruthaitheach atá ann go bunúsach; cinnfidh an scoláire, i gcomhar lena mhúinteoir, an leagan amach a bheidh air. Tagrófar don bhloc sceitseála Amharc-ealaíne mar cháipéis aonair sna treoirlínte seo; d'fhéadfadh bloc sceitseála amháin nó níos mó a bheith i gceist leis sin, áfach. D'fhéadfadh líon na n-iontrálacha i mbloc sceitseála Amharc-ealaíne a bheith éagsúil ó cheann go ceann, ach fós féin beidh an obair ullmhúcháin agus an obair forbartha uile a theastaíonn san áireamh ann.

*(Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe – Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí, leathanaigh 6/7)*

Cad é is mó a thaitníonn leat mar oiliúnaí ealaíne?

# Bloc Sceitseála Amharc-Ealaíne



Is bailiúchán de smaointe, próisis agus obair é Bloc Sceitseála na hAmharc-Ealaíne, a bhíonn i bhfoirm fhisiceach nó dhigiteach (nó meascán den dá chuid). Cé gurb é ata ann go bunúsach **taifead pearsanta an scoláire féin** ar an turas cruthaitheach, is é an scoláire i gcomhar lena múinteoir a shocróidh formáid (fisiceach agus/nó digiteach) Bhloc Sceitseála na hAmharc-Ealaíne.'


Úsáidfidh scoláirí a mBloc Sceitseála Amharc-Ealaíne chun:

- taifead a choimeád dá gcuir chuige i leith na hoibre uile a dhéanann siad mar chuid dá gcúrsa Amharc-Ealaíne sa tSraith Shóisearach
- a gcuid smaointe, cruthaitheacht, trialacha agus iniúchtaí, agus fiú amháin a gcuid obair chríochnaithe, a choimeád le chéile
- eolas ábhartha a choinneáil a bhaileoidh siad chun comhthéacs áirithe a thabhairt don obair a bhíonn siad a dhéanamh, bíodh sí sin trí thaighde a dhéanamh ar shaothar ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí nó trí ghrianghraif, sceitsí, nótaí scríofa nó digiteacha
- a dturas a chlárú trí obair leanúnach ealaíne sa seomra ranga, saothair chríochnaithe ealaíne chomh maith leis na Measúnuithe Rangbhunaithe
- feidhmiú mar bhailiúchán pearsanta agus gairmiúil dá gcuid smaointe, tuairimí, taighde agus oibre
- foghlaim conas úinéireacht a bheith acu ar a gcuid foghlaim féin.

**Cén fáth a n-úsáideann ealaíontóirí/ceardaithe/ dearthóirí bloic sceitseála?**

| Bhfoirm Fhisiceach | Bhfoirm Dhigiteach |
|---|---|
| | |

# Amlíne Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí 2017 - 2020





*MRB – Measúnú Rangbhunaithe*
*AFMÁ – Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair*
*CNCM – An Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*
*CSS - Coimisiún na Scrúduithe Stáit*


Seoladh Idirlín www.jct.ie
Twitter @jctVisualArt
Rphost info@jct.ie


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích




- Tugann *Ó Phróiseas go Cur i gcrích* deis don scoláire taithí a fháil ar chur chuige a shamhlófaí le
- healaíontóir/ceardaí/dearthóir atá ag cleachtadh a ghairme.
  Is féidir leis an scoláire an chéad Mheasúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích ar bhonn aonair nó i ngrúpa. I gcás go n-oibríonn an scoláire i ngrúpa, ba cheart gan ligean don ghrúpa éirí rómhór – triúr scoláirí ar a mhéad – ionas gur féidir le gach scoláire a chion a dhéanamh agus ionas gur féidir an obair agus na freagrachtaí a roinnt ar bhealach níos fearr. Tá sé tábhachtach freisin, ó thaobh mheasúnú na hoibre de, go ndéanfaidís rannpháirtíocht gach scoláire a éascú ionas go mbeidh na scoláirí in ann na critéir a leagtar amach sna Gnéithe Cáilíochta a chomhlíonadh.
- Tugtar trí théama don scoláire agus caithfidh sé ceann amháin díobh a phiocadh. Tabhair faoi deara gur samplaí iad na téamaí a liostaítear thíos. Beidh na téamaí le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 1 ar fáil ar http://www.curriculumonline.ie
- Is ríthábhachtach go mbaineann an scoláire leas as bunfhoinsí, a oireann don téama a phiocann sé, mar spreagthach.
- Ní mór snáithe amháin i gceachtar den dá Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích trí shaothar tríthoiseach.

| **Téamaí (roghnaíonn an scoláire téama amháin ón liosta thíos)** |
|---|
| 1. Taiscí faoi cheilt |
| 2. Solas agus scáth |
| 3. Mo dhearcadhsa |

| **Snáitheanna Amharc-Ealaíne (roghnaíonn an scoláire snáithe amháin ón liosta thíos)** |
|---|
| i. Ealaín |
| ii. Ceardaíocht |
| iii. Dearadh |


**Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:**

- roghnóidh sé a théama tosaigh agus na bunfhoinsí cuí
- déanfaidh sé taighde ar a smaointe tosaigh
- piocfaidh sé an snáithe Amharc-Ealaíne trína nginfidh sé a shaothar réadaithe
- déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar a chuid smaointe le haghaidh a shaothair réadaithe
- taifeadfaidh sé an obair agus na nótaí go léir ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne
- cuirfidh sé na cúig ghné den Amharc-ealaín san áireamh san obair ar fad a dhéanann sé
- cuirfidh sé a shaothar réadaithe i gcrích
- déanfaidh sé machnamh ar a chinntí, ar a phróiseas agus ar a shaothar réadaithe.

# Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 1

Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*:

| | EALAÍN | | CEARDAÍOCHT | | DEARADH | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | **1.1** | anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, ag úsáid focalstór agus eolas cuí | **2.3** | machnamh a dhéanamh ar a gcuid obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc | **3.2** | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a chuid dearaí féin agus dearaí daoine eile a mhíniú |
| **Líníocht** | **1.4** | a thaispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an cruth daonna agus an domhan ina dtimpeall a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú | **2.4** | a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú | **3.4** | coimre dhearaidh a léirmhíniú agus é sin a léiriú trína chuid líníochtaí |
| | **1.6** | líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl | **2.6** | iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta trí líníocht agus déanamh mairc a úsáid ar dhóigh theicniúil agus chruthaitheach | **3.6** | saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a chuid líníochtaí |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | **1.7** | modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú | **2.7** | na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceirdeanna difriúla a shainaithint | **3.7** | cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GNPD)** | **1.12** | a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh | **2.10** | cur síos a dhéanamh ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceirdeanna difriúla | **3.11** | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid |
| **Meáin** | **1.14** | meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú | **2.14** | meáin  a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú | **3.14** | meáin a úsáid ina chuid obair dearaidh féin bunaithe ar choimre dhearaidh |




**Cad iad na torthaí foghlama a thiocfadh cabhrú le gach céim den phróiseas ealaíne?**

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh i Measúnú Rangbhunaithe

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíonadh na hionchais go fóill.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

| Na Ceithre Thuairisc |
|---|
| **Thar barr ar fad**<br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>Saothar ina léirítear bunús na nGnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an taiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. |

# Na Gnéithe Cáilíochta do Mheasúnú Rangbhunaithe 1

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora in **Ó Phróiseas go Cur i gcrích**. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire.

## Na Gnéithe Cáilíochta: *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*

**Thar barr ar fad**

- Taispeántar san obair a chuirtear isteach úsáid shármhaith as na cúig ghné den Amharc-Ealaín agus taispeántar tuiscint shármhaith orthu freisin.
- Tá caighdeán na forbartha sármhaith ó thaobh smaointe agus scileanna de.
- Léirítear fianaise ar an bplé leis an bpróiseas ealaíonta ar chaighdeán an-ard i gcónaí i ngach céim den obair agus sa mhachnamh.

**Os cionn na n-ionchas**

- Taispeántar san obair a chuirtear isteach úsáid an mhaith as na cúig ghné den Amharc-Ealaín agus taispeántar tuiscint an-mhaith orthu freisin.
- Tá caighdeán na forbartha an-mhaith ó thaobh smaointe agus scileanna de.
- Léirítear fianaise ar an bplé leis an bpróiseas ealaíonta go han-mhaith i ngach céim den obair agus sa mhachnamh.

**Ag teacht leis na hionchais**

- Taispeántar san obair a chuirtear isteach úsáid mhaith as na cúig ghné den Amharc-Ealaín agus taispeántar tuiscint mhaith orthu freisin.
- Tá caighdeán na forbartha go maith ó thaobh smaointe agus scileanna de.
- Léirítear fianaise ar an bplé leis an bpróiseas ealaíonta go maith i ngach céim den obair agus sa mhachnamh.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Taispeántar san obair a chuirtear isteach úsáid bhunúsach as na cúig ghné den Amharc-Ealaín agus taispeántar tuiscint bhunúsach orthu freisin.
- Tá caighdeán na forbartha bunúsach ó thaobh smaointe agus scileanna de.
- Léirítear fianaise ar an bplé leis an bpróiseas ealaíonta go bunúsach i ngach céim den obair agus sa mhachnamh.

# Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Trí chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair beidh seans ag múinteoirí le chéile leanúnachas a bhaint amach i dtaca lena mbreithiúnais ar obair scoláirí i gcomparáid le Gnéithe Cáilíochta comónta a shocrófar go seachtrach. Forbróidh tuiscint níos fearr ar chaighdeáin agus ar ionchais thar am de réir mar a bhíonn faill ag múinteoirí teacht le chéile ar bhonn gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí, bunaithe ar an tsonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí a sholáthróidh CNCM.

**Léargas ginearálta ar an bpróiseas athbhreithnithe**
Tá an próiseas athbhreithnithe bunaithe ar mhúinteoirí ag plé obair scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha.
Is iad **cuspóirí** an phróisis athbhreithnithe go mbaintear amach:

- níos mó leanúnachais i dtaca le breithiúnais na múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- breithiúnais a bheith ag teacht leis na caighdeáin ionchasacha,

agus a chinntiú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil scoláirí ag fáil aitheantas cuí dá gcuid éachtaí atá teacht le caighdeáin agus le hionchais.

**Sonraí ar leith faoin gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**
Bainfear an t-am do na cruinnithe athbhreithnithe i bhféilire na scoile ón 22 uair d'am gairmiúil do gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Cuirfidh bainisteoireacht na scoile dhá uair an chloig sa bhreis air sin ar fáil do mhúinteoir amháin chun an cruinniú athbhreithnithe a chomhordú. De ghnáth, beidh an ról seo ag na múinteoirí cuí ar a seal.
I dtaca le gach cruinniú:

- beidh sé sainiúil don ábhar
- mairfidh sé tuairim is dhá uair an chloig
- tarlóidh sé chomh cóngarach do chríoch an Mheasúnaithe Rangbhunaithe agus is féidir
- beidh athbhreithniú ar obair an scoláire bainteach le Measúnú Rangbhunaithe ar leith.


Cé gur féidir an próiseas seo a eagrú go réasúnta éasca laistigh de scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir ealaíne amháin, moltar go bpléann an múinteoir na socruithe measúnaithe le héascaitheoir/bainistíocht na scoile chun teagmháil agus comhordú le múinteoirí i scoileanna máguaird.



# Plean Bliana na hAmharc-Ealaíne

**SAMPLA**

| Bliain ghrúpa | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Téarma | Spreagadh/ Téama | Torthaí Foghlama | Cad a fhoghlaimeoidh an scoláire? | Fianaise Fhoghlama | Acmhainní |
| | | | | | |
| **Athbhreithniú** | | | | | |




Adapted from: Dylan William (2011) Embedded Formative Assessment

# Gluais de Théarmaíocht

| | |
|---|---|
| **Sonraíocht** | Leagtar amach i sonraíocht ábhair nó ghearrchúrsa na torthaí foghlama a bhíonn beartaithe, agus conas is féidir iad a bhaint amach agus a thaispeáint. Leagtar amach sa tsonraíocht conas a bhíonn an fhoghlaim in aon ábhar nó aon ghearrchúrsa nasctha le ráitis foghlama agus le príomhscileanna áirithe. |
| **Measúnú Rangbhunaithe:**<br><br>**MRB** | Tugann measúnuithe in ábhair agus i ngearrchúrsaí deiseanna do scoláirí a gcuid tuisceana agus scileanna a léiriú ar bhealaí nach féidir a dhéanamh i scrúdú foirmiúil. Tugann scoláirí faoi mheasúnuithe rangbhunaithe, arna éascú ag an múinteoir ranga, i dtréimhse áirithe ama, laistigh d'am teagmhála ranga agus de réir clár ama náisiúnta. |
| **Measúnú Foirmitheach** | Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach aige a aithint agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. |
| **Measúnú Suimitheach** | Is rud suimitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cá mhéad a thaispeáin siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta. |
| Gnéithe Cáilíochta | Is ráitis iad gnéithe cáilíochta i sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. Os rud é go bhfuil critéir rathúil nasctha go dlúth le cuspóirí foghlamtha agus leis na gnáth gníomhaíochtaí laethúla sa seomra ranga tabharfaidh foghlaim an scoláire le fios na caighdeáin foghlama a mbaintear úsáid astu ar mhaithe le teastas a bhaint amach. |
| **Cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**<br>**AFMÁ** | Tar éis measúnú rangbhunaithe a bheith déanta, rachaidh múinteoirí i gceann cruinnithe athbhreithnithe, mar a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus ina dtiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí. |
| **Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí**<br><br>**PGSS** | Is gradam é an PGSS a gheobhaidh scoláirí ag deireadh na sraithe sóisearaí acu. Aithneoidh an gradam gnóthachtáil trasna gach réimse foghlama agus measúnaithe lena n-áirítear, measúnú foirmitheach; measúnuithe rangbhunaithe; agus gráid ón CSS a chuimsíonn torthaí ó na scrúduithe deiridh agus ó na tascanna measúnaithe. |

# Gluais de Théarmaí Amharc-Ealaíne

Cuireadh an ghluais seo isteach chun an bhrí atá le téarmaí Amharc-Ealaíne a mhíniú.

| Téarma | **Ciall** |
|---|---|
| **Ealaín** | Scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc is ea an Ealaín nó an Mhínealaín. Leagann sí béim ar smaointe, mothúcháin agus cáilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Amach ó shaothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn an mhínealaín chomh maith staidéar na healaíne trí léirthuiscint agus plé criticiúil |
| **Ceardaíocht** | Cur i bhfeidhm réimse scileanna eolais agus ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil leo a tháirgeadh. Agus béim ar phróisis agus ar ábhair, d'fhéadfadh na déantúsáin a dhéantar an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige pearsanta an cheardaí a léiriú |
| **Dearadh** | An próiseas pleanála, réiteach fadhbanna agus cruthaithe. Is freagra é in amanna ar threoir, riachtanas nó cás ar leith. Úsáidtear íomháineachas agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl, agus an líníocht mar mhodh smaointeoireachta, le béim ar phleanáil, réiteach fadhbanna agus cur i gcrích. |
| **Bloc Sceitseála Amharc-Ealaíne** | Bailiúchán fisiceach de smaointe, próisis agus obair, i bhfoirm fhisiceach nó dhigiteach (nó meascán díobh). |
| **Fiosruithe** | Gabháil nó taifeadadh na bpróiseas gníomhach a bhaineann le fiosrú, triail, cruthú agus cur i gcrích saothair. |
| **Gnéithe Ealaíne** | Is iad seo na bloic thógála d'aon saothar ealaíne agus áirítear leo, mar shampla, an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún |
| **Prionsabail deartha** | Is iad seo na bloic thógála d'aon saothar ealaíne agus áirítear leo, mar shampla, cothromaíocht, teannas, siméadracht, teacht le cheile, solas, spás, scála agus codarsnacht |
| **Litearthacht amhairc** | An cumas a bhíonn ag scoláire a chuid eolais, scileanna agus luachanna a úsáid chun réimse spreagthaí amhairc a thuiscint, a dhíchódú agus a chruthú |
| **Líníocht** | Is féidir le líníocht a bheith léiritheach nó anailíseach ach is í an teanga bhunúsach í atá lárnach i ngach gníomhaíocht a dhéanann an scoláire sna trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. |
| **Cultúr amhairc** | Baineann sé seo leis an gcultúr amhairc stairiúil agus/nó comhaimseartha a thugann a chomhthéacs do dhéantúsán nó a dhéanann eolas dó |
| **Teicneolaíocht** | Nuair a úsáideann an scoláire í chun saothair amharc-ealaíne a chruthú, féadfaidh an teicneolaíocht a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha nó digiteach |

| | |
|---|---|
| **Na Meáin** | Ciallaíonn sé seo idirghníomhú, cruthú, ceangal agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile<br><br>Cuimsíonn *na meáin thraidisiúnta* na modhanna agus na hábhair a d'úsáidtí san am a caitheamh chun saothar a chruthú.<br><br>Cuimsíonn *na meáin chomhaimseartha* na modhanna agus na hábhair a úsáidtear i saol an lae inniu chun saothar a chruthú.<br><br>Cuimsíonn *na meáin nua* aon mhodhanna nó ábhair nua nó éiritheacha a thiocfadh a úsáid chun saothar a chruthú.<br><br>Cuimsíonn *na meáin dhigiteacha* na modhanna agus na hábhair leictreonacha a úsáidtear chun saothar a chruthú. |
| **Próiseas** | Cuimsíonn sé na smaointe tosaigh, na trialacha agus an obair forbartha a mbíonn scoláire ag plé leis fad is atá saothar ealaíne críochnaithe á chruthú aige. |
| **Cás** | Tugann sé breac-chuntas leathan is féidir leis an scoláire a úsáid agus a oiriúnú chun spreagadh a fháil agus é ag cinneadh agus ag pleanáil cén treo a rachaidh a chuid oibre. |
| **Teanga amhairc** | Úsáideann an scoláire í seo chun saothar ealaíne a phlé, a thuiscint agus a mheasúnú, a ligeann dó íomhánna a fhiosrú ar bhealach níos machnamhaí. |
| **Ealaíontóir** | Chun críche na sonraíochta glactar leis gurb ionann an téarma 'ealaíontóir' agus ealaíontóir/ceardaí/dearthóir/ailtire. |
| **Saothar ealaíne** | Chun críche na sonraíochta glactar leis gurb ionann an téarma ' Saothar ealaíne ' agus saothar a tháirgeann ealaíontóir/ceardaí/dearthóir/ailtire. |
| **Sainaithint faidhbe** | Sainaithníonn an scoláire, cibé acu a bhíonn sé ag obair ar chás nó ar thasc, an tsaincheist/na saincheisteanna ar mian leis leanúint di/díobh ina shaothar. |
| **Réiteach fadhbanna** | An cur chuige a úsáideann an scoláire, cibé acu a bhíonn sé ag obair ar chás nó ar thasc, chun a smaointe tosaigh a fhorbairt agus chun saothar a chur i gcrích. |
| **Teanga chriticiúil** | Teanga inar féidir leis an scoláire critíc agus measúnú a dhéanamh ar a shaothar féin nó ar shaothar duine eile. |
| **Foinse phríomha** | Foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá i bhfoinsí príomha , a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach ndéantar scagadh orthu trí léirmhíniú duine eile. |
| **Saothar** | Aon rud a tháirgtear trí phróiseas cruthaitheach agus ar féidir leis a bheith ina sceitsí tosaigh nó ina phíosaí níos iomláine nó níos críochnaithí. |
| **Aeistéitiúil** | A n meas a bhíonn ag duine ar shaothar ealaíne, ceardaíochta nó dearaidh as ucht a áilleachta nó a tharraingthe i ngeall ar a chuma agus chuimseodh sé freisin na bunphrionsabail a bhfuil an obair bunaithe orthu. |

# Gluais de Bhriathra Gnímh

**Aguisín D: Gluais de Bhriathra Gnímh**

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Beidh an ghluais seo ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aimsigh** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Aithin** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Anailísigh** | nótaí gairide nó sceitsí mínithe a chur le léaráid nó le graf |
| **Anótáil** | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun meon duine eile a athrú nó é a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| **Argóin** | teacht ar chonclúid bunaithe ar an eolas a thugtar |
| **Bain de thátal as** | torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuiscint; tuiscint níos mó a bhaint as rud ná mar a cuireadh in iúl go litriúil |
| **Bain tátal as** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Ceangail** | rud a shamhlú le rud eile, agus cúiseanna a thabhairt |
| **Ceap** | na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | sraith céimeanna loighciúla a úsáid chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach ar bhealach foirmiúil |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Cuir i gcodarsnacht** | comhfhreagrachtaí idir dhá smaoineamh nó dhá shaothar ealaíne nó an méid difríochtaí atá eatarthu a bhrath |
| **Cuir i ngrúpa** | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| **Cuir le chéile** | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh; nó tógáil nó foirmiú ó eilimintí difriúla |
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid líníochtaí, sceitsí nó léaráidí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh |
| **Cur síos/ míniú gairid a thabhairt** | ráiteas gearr a thabhairt ar na príomhphointí amháin |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Déan critíc ar | na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann, mar shampla, le smaoineamh, déantúsán nó próiseas ealaíonta a lua, agus cúiseanna a thabhairt |
| Deimhnigh | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |
| Díorthaigh | teacht ar ráiteas deiridh trí phróiseas smaointeoireacht loighciúil |
| Faigh amach | an t---aon fhreagra féideartha a fháil trí ríomh, trí luachanna tomhaiste nó atá ar eolas a chur in ionad cainníochtaí eile i bhfoirmle chaighdeánach |
| Idirdhealaigh | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| Iniúch | anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| Léirigh | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| Léirmhínigh | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| Liostaigh | roinnt pointí a thabhairt, gan aon mhíniú breise |
| Luaigh | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| Meas | ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt |
| Meas (cuimhnigh ar...) | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i ndéantúsáin; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú |
| Measúnaigh (faisnéis) | faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, réitigh nó modhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, réitigh nó modhanna |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Réitigh | freagra a aimsiú trí réasúnaíocht |
| Ríomh | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Sainmhínigh | an míniú beacht ar fhocal, frása, coincheap a thabhairt |
| Samhaltaigh | léiriú nó macasamhail scála de shaothar ealaíne a chruthú mar phlean i gcomhair rud a chruthú san fhíorshaol |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Sceitseáil | cur in iúl trí léaráid nó trí ghraf (arna lipéadú mar is cuí); ba chóir go dtabharfadh an sceitse barúil den chruth nó den chaidreamh a theastaíonn, agus ba chóir go mbeadh na gnéithe ábhartha ann |
| Scrúdaigh | argóint, coincheap nó réad a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí a idirchaidrimh nó a dhéanamh |
| Sintéisigh | smaointe difriúla a thabhairt le chéile chun tuiscint nua a chruthú |
| Tabhair breac-chuntas | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| Tabhair breithmheas | píosa saothair a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| Tabhair chun cuimhne | cuimhneamh ar rud nó é a aithint ó réamheispéiris foghlama |
| Tabhair fianaise | sonraí, obair agus cáipéisíocht a chuireann le tátail nó le conclúidí |
| Tabhair le fios | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Tiontaigh | rud a athrú go foirm eile, mar shampla, líníocht a úsáid chun struchtúr tríthoiseach a chruthú |
| Tomhais | athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh |
| Trácht | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| Tuar | toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| Tuig | corpas dea---eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| Úsáid | eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh |

# Nótaí

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers



## Sonraí Teagmhála:


**Oifig Riaracháin**:

Ionad Oid. Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán.

**Oifig an Stiúrthóra:**

BOOLM,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan.

www.metc.ie


**Le haghaidh gach fiosrúcháin, déantar teagmháil le:**


info@jct.ie


Lean muid ar Twitter:

@jctVisualArt
@JCforTeachers

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie